

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 16: *Boscaí*



Colin Middleton, *Market Day*

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Ealaíontóir darb ainm Colin Middleton, a rugadh i mBéal Feirste sa bhliain 1910, a rinne an saothar ealaíne seo. Osréalaí ba ea é, rud a chiallaíonn gur bhreá leis rudaí nach mbeadh súil agat iad a fheiceáil le chéile a chur taobh lena chéile chun radhairc fhantaiseacha, aislingeacha a chruthú ina phéintéireachtaí. Gluaiseacht ealaíne agus litríochta ba ea an t-osréalachas a tháinig chun cinn ag tús an 20^ú haois. Bhí sé bunaithe ar léargas a thabhairt ar chumhacht na samhlaíochta, na fantaise agus na n-aislingí chun radhairc a chruthú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo!

Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht

Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht. Céard a shíleann tú atá taobh istigh de na boscaí seo ar fad? Níos mó éan, b'fhéidir. Is é 'Market Day' teideal na péintéireachta seo, dá bhrí sin, an dóigh leat go bhfuil an bhean ag triall ar an margadh chun na boscaí ar fad a dhíol? Céard a cheannóidh sí leis an airgead a fhaigheann sí má dhíolann sí na boscaí?

Bímis ag canadh!

Seo amhrán atá oiriúnach do théama boscaí na seachtaine seo. Malvina Reynolds a chan an t-amhrán seo a ghreamaíonn i d'aigne. Tá an t-amhrán le fáil ar YouTube agus is féidir leat súil a choinneáil ar na focail thíos fad is atá tú ag canadh. D'fhéadfadh an péintéireacht álainn seo tú a spreagadh chun amhrán grá do Chorcaigh a chanadh! Táimid chun amhrán cáiliúil Chorcaíoch a chanadh, 'The Banks of My Own Lovely Lee'. Seans gur fhoghlaim tú an t-amhrán seo ar scoil nó go bhfuil sé ar eolas ag do thuismitheoirí. Seo thíos an chéad véarsa atá le canadh agat agus b'fhéidir go mbeadh tú ann an chuid eile den amhrán a fháil ar líne.

Little Boxes le Malvina Reynolds


*Little boxes on the hillside
Little boxes made of ticky-tacky
Little boxes on the hillside
Little boxes all the same
There's a green one and a pink one
And a blue one and a yellow one
And they're all made out of ticky-tacky
And they all look just the same

And the people in the houses
All went to the university
Where they were put in boxes
And they came out all the same
And there's doctors and lawyers
And business executives
And they're all made out of ticky-tacky
And they all look just the same*

Caithimis tamall ag imirt Poncanna agus Boscaí

Níl ag teastáil chun an cluiche seo a imirt ach peann luaidhe, páipéar agus duine éigin eile! Tosaigh trí eangach fholamh poncanna a tharraingt, ansin tabhair deis don bheirt agaibh líne aonair chothrománach nó ingearach a tharraingt idir dhá phonc. Faigheann an t-imreoir a tharraingíonn an cheathrú líne, agus a chríochnaíonn bosca, pointe agus scríobhann sé a (h)iniseal sa bhosca chun é a thairfeadh. Nuair atá na poncanna ar fad nasctha le línte chun boscaí a chruthú, tá an cluiche thart agus is féidir leis na himreoirí a scóir a chomhaireamh. Is é nó í an buaiteoir an duine ag a bhfuil an méid is mó pointí.


Seo thíos sampla chun cabhrú leat tús a chur le cluiche:



Dísle Gníomhaíochta

Cliceáil [anseo](#) chun leagan PDF inphriontáilte den dísle gníomhaíochta seo a íoslódáil.

Fiafraigh de dhuine fásta cabhrú leat chun an páipéar a ghearradh taobh leis na línte dubha agus chun do dhísle a ghliúáil nó a théipeáil.



Déanaimis ollphéist as bosca cairtchláir

Is féidir an-spraoi a bhaint as boscaí cairtchláir. Trí líníocht bheag a dhéanamh nó fiú amháin do shamhlaíocht a úsáid, is féidir leat cibé rud is mian leat a dhéanamh de bhosca cairtchláir!

B'fhéidir go bhféadfá...spásárthach, bád, umar éisc, róbat, caisleán, dineasár, carr a dhéanamh.

Seo a leanas sampla d'ollphéist chairtchláir a d'fhéadfá a dhéanamh. Úsáid roinnt marcóirí nó crián chun súile agus béal, adharca agus gruaig a tharraingt ar sheanbhosca cairtchláir.

Féach ar na stocaí seafóideacha ar an éan agus ar an asal sa phéintéireacht thuas...An bhféadfá stocaí seafóideacha a úsáid mar chosa do d'ollphéist bhosca.


D'fhéadfá cleití nó gealra nó clúdaigh lonracha milseán a chur leis, cibé rud atá agat sa bhaile. Bí réidh chun rudaí spéisiúla a dhéanamh! Bain taitneamh as!



Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**.

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.

Freagraí Thráth na gCeist faoi Bhéarlaí Chorcaí (Seachtain 15):



Rasa
(Raspberry)



Hopper
(Fall/Trip)



Beoir
(Woman)




Sconce
(To check something out / look inquisitively)



Bazzer
(Haircut)



Pana
(Patrick's Street)



Ucks
(The end of a piece of food)



Feen
(Man)



Ecca
(Homework)



Gatch
(Manner of walking)



Balm Out
(Relax)